

Focal id' Chluaís.



A word in your ear. Meitheamh'09.

Foghlaim trí logáil isteach.

Bunaíodh an clár seo chun seans a thabhairt do dhaoine ós cionn 65 scileanna ríomhaireachta a fhoghlaim ó scoláirí atá san idir bhliain agus ar an taobh eile de, bhí seans ag na scoláirí foghlaim faoi conas mar a bhí an saol fadó. Seo an chéad uair a bhí an clár ar siúl i gColáiste Ghobnatan. Ghlac naoi seanóirí dhéag páirt sa chlár seo a bhí ar siúl gach Máirt ó 1.30 go dtí 3.30 ar feadh ocht seachtaine. Bhuaileas isteach don rang deireanach chun labhairt leis na daoine agus chun fháil amach conas ar éirigh leo leis an gcúrsa. Seo leanas an ais eolais a fuarthas.

Nuair a shiúil mé isteach sa seomra ríomhaireachta i gColáiste Ghobnatan, 'sé an chéad rud a thugas faoi ndeara ná an fhuaim ó thapáil na méarchláir agus ó chliceáil na luch. Bhí gach éinne dírithe go hiomlán ar na scáileáin. Bhí sé dochreidte chomh díograiseach is a bhí gach éinne. Bhí fonn mór ar na seanóirí rudaí nua a fhoghlaim agus bhí na teagascóirí ag obair go dian ag cabhrú leo agus á mhúineadh. Bhíos ag caint le Annie, níor shuigh sí síos ós comhar ríomhaire riamh roimh an gcúrsa. Chuir sí fáilte ana dheas romham agus labhair sí liom faoin méid a bhí foghlamtha aici faoi ríomhairí agus dúirt sí go raibh sí ag súil le ríomhaire glúine a cheannach i gceann cúpla seachtaine. Dúirt sí go n-éireoidh go maith léi le h-úsáid an ríomhaire má dhéanann sí na rudaí a bhí foghlamtha aici ón a teagascóir Shane. Dúirt sí go raibh sé go hiontach bualadh leis na daoine óga. Dúirt Shane gur cleachtadh spéisiúil a bhí ann. Bhain sé an-taitneamh as bheith ag múineadh Annie. Bhí sé i gcónaí ag súil leis na ranganna agus bhain sé taitneamh as an comhrá a bhí aige le Annie faoin a saol fadó.

Chuaigh mé síos tríd an rang. Bhí mé in ann a fheiscint go rabhadar lánsásta ag foghlaim rudaí nua. Chuir Eileen agus a teagascóir Katie fáilte romham nuair a shuigh mé síos in aice leo. D'ínis Eileen dom go raibh sí ag baint taitneamh ollmhóir as an gcúrsa. Bhí sí ag insint dom faoi na rudaí nua a fhoghlaim sí i rith an chúrsa mar shampla ríomhphoist a sheoladh agus féachaint ar faisean ar an idirlíon. Beidh sí in ann na rudaí go léir atá foghlamtha aici ar an gcúrsa a úsáid sa bhaile anois mar cheannaigh sí ríomhaire glúine le déanaí. Dúirt sí go raibh sí i gcónaí ag súil go mór leis an lá a bheadh an cúrsa ar siúl agus gur mhúinteoir an-mhaith í Katie. Dúirt Katie go raibh craic iontach aici mar teagascóir agus d'fhoghlaim sí go raibh an saol an-difriúil nuair a bhí Eileen óg i gcomparáid leis an lá atá inniu ann. Tá meas níos mó aici ar theicneolaíocht dá bharr. Bhain Katie an-taitneamh as bheith ag múineadh Eileen agus tá brón uirthi go bhfuil na ranganna críochnaithe anois.

Ní rabhas sa rang ach ar feadh fiche nóiméad in iomlán. San am gairid seo chonaic mé go raibh cairdeas déanta idir na seanóirí agus na teagascóirí. D'fhoghlaim na seanóirí faoi ríomhairí ós na teagascóirí agus bhí na teagascóirí níos eolaí faoin saol fadó. Chuaigh an cúig nóiméad deireanach chomh tapaidh le cúig soicind agus tar éis ocht seachtaine de shult agus fhoghlaim bhí teastais bronnta ar na scoláirí go léir. Mhol gach éinne an cúrsa. Rith Coláiste Ghobnatan an cúrsa seo i dteannta le MFG Meitheal Mhúscraí agus táid ag súil le clár cosúil leis seo a rith arís san Fhómhar. Bhí sé urraithe ag Microsoft, Intel agus An Post. Cuir glaoch go luath ar MFG Meitheal Mhúscraí ag 026 45661 chun d'áit a chuir in áireamh mar beidh sé líonta go tapaidh.

Aódan Ó Mocháin.

mfg-Meitheal Mhúscraí, Réidh na nDoirí, Maigh Chromtha, Co Chorcaí.

Tel: 026-45661. muscraí@eircom.net



Séanadh: Tógaimid an-aire taighde chun an t-eolas atá clóite anseo a fhíorú. Táimid comh cinnte agus is féidir linn a bheith go bhfuil an t-eolas iniata cruinn agus fíor nuair a fhoilsíodh é. 'Sé an spríoc atá again ná chun eolas tairbheach ginearálta a chur ar fáil do dhaoine Ní féidir le MFG-Meitheal Mhúscraí freagracht a ghlacadh má tharlaíonn aon dochar dá bharr.

Cois Cille, Cill na Martra 026-40999.

Lón ar fáil ceithre lá ag 12.30in.

Luan, Máirt, Céadaoin, agus Aoine.

Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré.

Cosliacht, 30ú Meitheamh le coinne.

Taisteal ar fáil – Cuir glaoch ar 026-45661.

Cuan Barra, Béal Átha'n Ghaorthaidh

Béilí, Dé Luain & Dé hAoine ag 12.30in.

Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré.

Cuir glaoch ar Shiobhán/Lucy 087 1378099.

Taisteal ar fáil, 026-45661

Aisling Ní Laoire, Teiripeoir Scéimhe.

18ú Meitheamh le coinne, 087 6579894.

Cosliacht 15ú Meitheamh le coinne. Glaoigh

ar Ann O Donovan 027 50340 / 086 3679761


Dr Ken Harte gach Céadaoin 12.00 – 1.00 in.

Cleas Inchinne.

Nuair a bhíonn sé ag triomú éiríonn sé níos fliuche. Cad é?

Crosfhocal don Samhradh.

Sa chrosfhocal seo tá na focail tugtha duit i nGaeilge agus cathaigh tú iad a aistriú go Béarla. Mar shampla más féar an focail atá tugtha duit sé "grass" an freagra.



Anuas

- Uachtar reoite
- Féar tirim
- Laethanta saoire
- Turasóir
- Lúnasa
- Meitheamh

Trasna

- Sadhlas
- Te
- Trá
- Iúil
- Cuaráin
- Grian

Mionbhruar Úll Simplí.

Comhdhéanamh:

- 3 úlla géara.
- 3 spúnóg tae siúcra donn.
- 2 chupán plúir.
- 3 spúnóg tae ime.

Modh:

1. Nigh agus bain an craiceann des na húlra. Gearr i slisní iad agus cuir isteach i soitheach bÁCála gloine iad.

2. Cuir an siúcra donn ar na h-úlra.

3. Cuimil an t-im isteach sa phlúr go dtí go mbíonn cuma grabhróga aráin ar an meascán.

4. Cuir an meascán ar na h-úlra.

5. Déin é a bhácaíl in oigheann te (190 Celsius, Gás 5) ar feadh 50 nóiméad.

6. Cuir chun boird é le huachtar buailte nó le custard te.

Scoraíocht an Déardaoin.

Chun do áit a chuir in áireamh dos na imeachtaí seo chuir ghlaoch orainn anseo ag 026 – 45661.

Meitheamh: Beidh turas go dtí Páirc Náisiúnta Sráid an Mhuilinn ar an 18ú lá. Chuir do áit in áireamh roimh an 12ú le do thoil.

Iúil: Beidh an scoraíocht ar súil san Ionad Áise i Réidh na nDoirí ar an 16ú.

Lúnasa: Beidh turas go dtí Cionn tSáile agus Iarthar Chorcaí ar an 20ú. Beidh níos mó eolas ar an Focal id' Chluais an mí seo chugainn.

Leideanna sa Chistin.

1. Bíonn blaosc uibhe úr gairbh agus cailceach; bíonn bhlaosc sean uibhe mín agus gléineach.

2. Chun bachlú sa phrátaí a chosc, cuir úll isteach sa mhála leis na prátaí.

3. Stóráil na trátaí leis na gais iompaithe síos agus fanfaidh said úr ar feadh tréimhse níos faide.

4. Ní bheidh an cháis crua má chuireann tú im ar an imeall nochta roimh stóráil.

5. Tagann dhá oiread an sú as líomóidí atá stóráilte i searróga lán de uisce.

